COIMISIÚN NA gCOMHPHOBAL EORPACH

An Bhruiséil10.7.2007
COIM(2007) 389 leagan deireanach

2005/0032 (COD)

# TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA

**de bhun an dara fomhír d'Airteagal 251(2) de Chonradh CE**

**a bhaineann**

**leis an gcomhsheasamh a ghlac an Chomhairle chun go nglacfaí Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat comhchoiteann do chláir ghnó chun críocha staidrimh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2186/93 ón gComhairle**

2005/0032 (COD)

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN**
**CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA**

**de bhun an dara fomhír d'Airteagal 251(2) de Chonradh CE**

**a bhaineann**

**leis an gcomhsheasamh a ghlac an Chomhairle chun go nglacfaí Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat comhchoiteann do chláir ghnó chun críocha staidrimh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 2186/93 ón gComhairle**

**(Téacs le hábharthacht EEA)**

## 1. CÚLRA

| | |
|---|---|
| Togra arna chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle (COIM(2005)112 – 2005/0032 (COD)) | 5 Aibreán 2005 |
| Tuairim ó Pharlaimint na hEorpa (an chéad léamh) : (PE A6-0194/2006 | 1 Meitheamh 2006 |
| Glacadh an chomhsheasaimh ag an gComhairle : | 21 Bealtaine 2007 |

## 2. AIDHM AN TOGRA ÓN gCOIMISIÚN

Is í aidhm an togra ná an Rialachán atá ann cheana maidir le cláir ghnó (Rialachán (CEE) Uimh. 2186/93 ón gComhairle) a thabhairt suas chun dáta d'fhonn ceanglais nua a chur san áireamh. Go háirithe, tá trí chineál ceanglas breise tagtha chun cinn de réir a chéile:

– i ngeall ar domhandú an gheilleagair tá gá le faisnéis a bhailiú ar na grúpaí fiontair;

– i ngeall ar comhtháthú ghníomhaíochtaí na n-earnálacha difriúla tá gá le cuimsiú iomlán a dhéanamh ar an ngeilleagair ar fad;

– éilíonn an Margadh Aonair comparáideacht staidrimh feabhsaithe, a bhraitheann go háirithe ar infhaighteacht foinsí comhchuibhithe le haghaidh líon na ngnóthas ag oibriú san AE.

Tá sé d'aidhm ag an togra ón gCoimisiún Rialachán (CEE) Uimh. 2186/93 ón gComhairle a aisghairm.

## 3. BARÚLACHA MAIDIR LEIS AN gCOMHSHEASAMH

### 3.1. Ginearálta

Ar an gcéad léamh, rinne Parlaimint na hEorpa an togra ón gCoimisiún a fhormheas faoi réir 22 leasú. Bhain an chuid is mó de na leasuithe seo le heagarthóireacht nó mionphointí teicniúla agus ní raibh aon tionchar acu ar shubstaint an togra.

### 3.2. Cinntí maidir le leasuithe Pharlaimint na hEorpa tar éis an chéad léimh

D'aontaigh an Coimisiún leis na leasuithe a mhol an Pharlaimint. Glacann an Rún ó Pharlaimint na hEorpa cur chuige dearfach maidir leis an togra seo toisc go mbaineann an chuid is mó de na 22 leasú le soiléiriú eagarthóireachta agus teicniúil. Tá na leasuithe seo daingnithe ag an gChomhairle laistigh dá comhsheasamh.

### 3.3. Forálacha nua á dtionscnamh le seasamh na Comhairle agus an Choimisiúin.

An 17 Iúil 2006, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2006/512/CE lena leasaítear Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar síos na nósanna imeachta le haghaidh feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún agus lena dtionscnaítear nós imeachta nua dá ngairtear "nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú" (Airteagal 5a).

Ní foláir cloí leis an nós imeachta Coiste nua chun bearta de raon feidhme ginearálta a ghlacadh, bearta lena bhfuiltear ag iarraidh eilimintí neamhriachtanacha d'ionstraim bhunúsach a glacadh i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 251 den Chonradh a leasú, *inter alia* trí chuid de na heilimintí sin a scriosadh nó tríd an ionstraim a fhorlíonadh trí eilimintí neamhriachtanacha nua a chur léi.

Déanann forálacha nua arna dtionscnamh ag an gComhairle tagairt do na cumhachtaí cur chun feidhme a bhronnfar ar an gCoimisiún nuair a thiocfaidh an nós imeachta nua chun feidhme.

Go háirithe, bronnfar cumhachtaí ar an gCoimisiun chun an liosta saintréithe clár san Iarscríbhinn, na sainmhínithe atá orthu agus na rialacha maidir le leanúnachas a ghabhann leo a thabhairt suas chun dáta, cinneadh a dhéanamh maidir le cuimsiú na bhfiontar is lú agus na ngrúpaí fiontair lánchónaitheacha, caighdeáin chomhchoiteanna cáilíochta, chomh maith le hinneachar agus minicíocht na dtuarascálacha cáilíochta a bhunú, agus na rialacha maidir le cláir a thabhairt suas chun dáta a ghlacadh. Ba chóir na bearta seo de raon feidhme ginearálta arna gceapadh chun eilimintí neamhriachtanacha an Rialacháin seo a leasú a ghlacadh de réir an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú, arna leagan síos in Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE ón gComhairle.

Rinneadh an abairt "Beidh bhfeidhm aige ó 1 Eanáir 2007" a fhágáil amach as Airteagal 18 toisc gur cuireadh moill ar ghlacadh an Rialacháin; bhí sé d'aidhm aige an dáta cur chun feidhme don todhcaí seachas cur chun feidhme aisghníomhach a shonrú. Beidh feidhm ag an Rialachán seo 20 lá tar éis a fhoilsithe.

Glacann an Coimisiún leis na forálacha nua seo.

## 4. CONCLÚID

Faoi na coinníollacha seo agus ar na cúiseanna a leagadh amach thuas, tá an Coimisiún tar éis tuairim fhabhrach a chur in iúl maidir leis an gcomhsheasamh a ghlac an Comhairle *d'aon ghuth*.